2025/1070

27.5.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/1070 ÓN gCOMHAIRLE

## an 26 Bealtaine 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1484 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1484 ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithnithe ar Chinneadh (CBES) 2024/1484, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 28 Bealtaine 2026.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha maidir le beirt daoine nádúrtha a leasú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1484 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1484 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 28 Bealtaine 2026.

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh seo. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.

Déanfar na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(7), a mhéid a bhaineann le hAirteagal 2(1) agus (2), a athbhreithniú go tráthrialta, agus gach 12 mhí ar a laghad, nó ar iarraidh phráinneach ó aon Bhallstát, ón Ardionadaí nó ón gCoimisiún tar éis d'athrú ó bhonn teacht ar na himthosca.';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. SIEKIERSKI

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis (IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484, i roinn ‘A. Daoine nádúrtha’ cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 11 agus 18:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘11. | Kirill Sergeevich NIKIFOROV<br>(Кирилл Сергеевич НИКИФОРОВ) | Feidhm: Breitheamh de Chúirt Réigiúnach Réigiún Vladimir<br>Iarbhreitheamh de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir<br>Dáta breithe: 14.3.1992<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ba bhreitheamh é Kirill Sergeevich Nikiforov de Chúirt Chathair Kovrov de Réigiún Vladimir.<br>Ó 2022 i leith, bhí baint dhíreach aige le dálaí céastóireachta a chruthú do Alexei Navalny agus na dálaí sin a choinneáil ar bun trí dhiúltú arís is arís eile do mhaímh Alexei Navalny i gcoinne choilíneacht phionósach IK-6 faoin mbealach ar caitheadh leis, áit a raibh pianbhreith 12 bhliain á cur isteach aige mar thoradh ar ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla.<br>Dá bhrí sin, tá Kirill Sergeevich Nikiforov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céastóireacht, agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, gabhálacha gan chúis, agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta, agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.<br>Tá sé gníomhach go fóill sa chóras breithiúnach sa Rúis agus i mí na Nollag 2024 tugadh ardú céime dó go post mar bhreitheamh i gCúirt Réigiúnach Réigiún Vladimir. | 27.5.2024 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 18. | Oksana Vasilyevna DEMYASHEVA<br>(Оксана Васильевна ДЕМЯШЕВА) | Feidhm: Leas-Chathaoirleach ar Chúirt Dúiche Kalininsky i gCathair Pheadair<br>Iarbhreitheamh de Chúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair<br>Dáta breithe: 10.3.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Sa phost a bhí aici mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Vasileostrovsky i gCathair Pheadair, ghearr Oksana Vasilyevna Demyasheva pianbhreith 7 mbliana ar Alexandra Skochilenko, ealaíontóir, ar chúiseanna a bhfuil údar polaitiúil leo as ucht “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise a scaipeadh. Gabhadh Skochilenko as clibeanna praghais in ollmhargadh a mhalartú le greamáin in aghaidh an chogaidh. Bhí sí ar dhuine de na chéad daoine ar gearradh pianbhreith orthu faoin ndlí nua coiriúil lena gcuirtear cosc ar an “bréagnuacht”, mar a thugtar uirthi, faoi arm na Rúise, agus tharraing a triail aird leathan an phobail ar an mbrú gan fasach a bhí uirthi ó riarachán an phríosúin, ón mbreitheamh agus ón ionchúiseamh.<br>Dá bhrí sin, tá an breitheamh Oksana Vasilyevna Demyasheva freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú.<br>Tá sí gníomhach go fóill sa chóras breithiúnach sa Rúis agus i mí an Mheithimh 2024 ceapadh í ina leaschathaoirleach ar Chúirt Dúiche Kalininsky i gCathair Pheadair. | 27.5.2024’. |